



Nuachtlitir na Naíonraí

Gaelscoileanna



Urraithe ag



Foras na Gaeilge

SAN EAGRÁN
SEO:

Nuachtlitir

Samhradh 2016



Rialacháin Nua do Sheirbhísí Luathbhlianta sínithe ag Dr. James Reilly, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Foilsíodh na Rialacháin nua do Sheirbhísí Luathbhlianta le deireanaí (4ú Bealtaine 2016), agus beidh siad ag teacht i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ón 30ú Meitheamh 2016.

Seo thíos achoimre ar chuid de na príomhathruithe atá leagtha síos sna Rialacháin seo:

Clárúcháin:

De réir Acht 2013, cuireadh ceanglas ar sheirbhísí luathbhlianta clárú le Tusla sular tugadh cead dóibh oscailt. Sna Rialacháin nua, leagtar síos nósanna imeachta Tusla agus measúnacht á déanamh acu ar sheirbhísí nua réamhscoile, mar aon leis na doiciméid agus polasaithe éagsúla atá le soláthar ag seirbhísí ionchasacha lena gcuid iarratas. Sula ndéanfar cinneadh i dtaobh clárúcháin, tabharfaidh ball foirne ó Tusla cuairt ar an tseirbhís le cinntiú go bhfuil an foirgneamh oiriúnach le seirbhís luathbhlianta a lonnú ann.

Cáilíochtaí:

De réir na Rialachán nua, caithfidh gach ball foirne atá ag plé go díreach leis na páistí cáilíochtaí sa chúram agus oideachas na luath-óige ag leibhéal a 5 de réir an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a bheith bainte amach acu, nó cáilíochtaí eile atá aitheanta bheith comhionann leis seo. Tiocfaidh an t-athrú seo i bhfeidhm do sheirbhísí úrnua ar 30ú Meitheamh 2016, agus do sheirbhísí reatha ar 31ú Nollaig 2016.

Bainistíocht:

De réir na Rialachán nua, caithfidh seirbhísí luathbhlianta a léiriú go bhfuil struchtúr soiléir bainistíochta i bhfeidhm acu, agus go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí agus faoin ról faoi leith atá acu féin sa tseirbhís. Maítear gur chóir maoirseacht chúí a dhéanamh ar bhaill foirne agus go gcuirfear traenáil ar fáil dóibh de réir mar is gá (traenáil i dtaobh pholasaithe agus nósanna imeachta na seirbhíse san áireamh)

(Tuilleadh ar lch 2)

ÁBHAR	LCH
RIALACHÁIN NUA	1-2
BUNACHAR IONADAITHE	2
FOIRMEACHA NAÍONRA	2
FABHALSCÉALTA DO LEANAÍ	2
STAITISTICÍ	3
SEACHTAIN NA NAÍONRAÍ	3
AN SAMHRADH	4
LEABHAR ROLLA AGUS TIMPISTE	5
NA NAÍONRAÍ	5
SCÉIM IASACHTA TREALAIMH	6-7
SCOLÁIREACHTAÍ	8
SCÉIM TAC- AÍOCHTA TEANGA	8
COMÓRTAS LEA- BHAR	9
EALAÍN	10-11
LIPÉID	12

Gaelscoileanna Teo.

www.gaelscoileanna.ie

oifig@gaelscoileanna.ie | 01-8535195

Halla Naomh Pádraig,

Institiúid Oideachais Marino,

Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

(Tuilleadh:) Tá sé de dhualgas ar an soláthraí seirbhíse cinntiú go ndéanfar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar gach ball foirne agus go bhfuil nósanna imeachta láidre acmhainní daonna i bhfeidhm chun baill foirne nua a earcú agus teistiméireachtaí a lorg uathu agus iad a scrúdú go mion.

Tá Creat Cáilíochta agus Rialála á fhorbairt ag Tusla faoi láthair d'fhonn cabhrú le seirbhísí luathbhlianta dul i ngleic leis na Rialacháin nua seo agus tá Gaelscoileanna Teo. ag plé go leanúnach leo maidir leis, in éineacht le baill an Chomhar Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí, na coistí cúram leanaí agus eile. Má tá seirbhís luathbhlianta faoi do chúram, cuirfidh Gaelscoileanna Teo. fáilte roimh aon aiseolas maidir leis na Rialacháin seo ar an ríomhphost chuig clare@gael scoileanna.ie le go gcuirfí faoi bhráid Tusla é.

Tá preasráiteas an Aire le fáil ar shuíomh [Tusla](http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/20160504EarlyYearsRegs2016.pdf) agus is féidir na Rialacháin a íoslódáil anseo: <http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/20160504EarlyYearsRegs2016.pdf>

Bunachar ionadaithe

Ba mhaith linn bunachar a chur le chéile d'ionadaithe feiliúnacha leis na cáilíochtaí cuí a bheadh ar fáil chun obair ionadaíochta a dhéanamh i naíonraí. Tuigeann muid go mbíonn dúshlán ag baint le teacht ar stiúrthóirí ionaid amanna agus ba mhaith linn an bunachar seo a chur le chéile chun cabhrú leat teacht ar an duine cuí go sciobtha agus go héasca. Má tá aithne agat ar dhaoine feiliúnacha a bheadh sásta bheith ar an liosta seo, déan teagmháil le do thoil le Ciara; 01 8057736 nó ciara@gael scoileanna.ie.

Foirmeacha Naíonra

Tá leaganacha caighdeánacha d'fhoirmeacha gur féidir a úsáid sa naíonra ar fail ó Gaelscoileanna Teo. Anois.

Is féidir na foirmeacha a chóipeáil a fháil ar www.gael scoileanna.ie agus a leasú le go mbeidh siad in oiriúint do do sheirbhís féin.

Is féidir cóipeanna clóite sa bhreis a fháil ach teagmháil a dhéanamh linn;

01 8535195 nó oifig@gael scoileanna.ie.

Fabhalscéalta do Leanaí

An dtaitníonn na scéalta Culaith Nua an Impire, An Prionsa agus Iníon an Impire nó Plúirín Sneachta agus Róisín Dearg leat? Tá leaganacha Gaeilge ar fáil anois ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Tá sé beartaithe ag an Acadamh cuid den ábhar aistriúcháin a dhéantar mar chuid den chúrsa a chur ar fáil mar mar ábhar léitheoireachta Gaeilge. Tá roinnt fabhalscéalta do leanaí aistrithe acu agus roinnte ar líne. Tá muid cinnte go mbainfidh naíonraí an-leas as an ábhar seo.

Tá na scéalta le fáil ar líne ag an nasc seo a leanas <http://www.nuigalway.ie/acadamh/fabhalscealta/fabhalscealta.html>



Heansail agus Greitil



SurveyMonkey®

Tá sé i gceist ag Gaelscoileanna Teo. staitisticí ó na naíonraí a bhailiú chuile bhliain le cabhrú leis an eagraíocht eolas cruinn faoin earnáil a chur ar fáil. Bíonn na staitisticí mar eolas tac-aíochta agus an eagraíocht ag plé leis an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais & Scileanna agus eagraíochtaí eile ar son na naíonraí. Ní thabharfar aon eolas maidir le haon naíonra ar leith d'éinne agus is ar bhonn contae amháin a chuirfear staitisticí ar fáil go poiblí. Ba mhór linn dá mbeadh deis agat an fhoirm staitisticí a chomhlánú ar líne, trí chliceáil ar an nasc thíos NÓ líonaigí amach an fhoirm chrua a bheidh á seoladh amach sa phost againn. Má tá deacracht ar bith agat leis, déan teagmháil linn ar 01 8535195 nó oifig@gaelscoileanna.ie.

www.surveymonkey.com/r/staitisticaionrai2015

Cuireadh

Ba mhaith le hArdmhéara Baile Átha Cliath.
Críona Ní Dhálaigh, is
Coiste Na Naíonraí Gaelacha

Tú a bheith i láthair i

dTeach an Ardmhéara, Sráid Dásain, B.Á.C. 2
Déardaoin, 19 Bealtaine ag 7.30pm

mar cheiliúradh ar Sheachtain na Naíonraí,
agus Do sheoladh **Lámhleabhar do Stiúrthóirí
Naíonraí**
agus **Lámhleabhar do Thuismitheoirí**

Cuirfear sólaistí ar fáil. RSVP roimh 13/5/16 go
nanaionraigaelacha@gmail.com / uimhir
guthán 0863165093

Foclóir: An Samhradh

Bád: Boat

Bealtaine: May

Beárbaiciú: Barbecue

Bríste gearr: Shorts

Buicéad: Bucket

Caipín: Cap

Caisleán Gainimh: Sandcastle

Cuaráin: Sandals

Culaith Snámha: Swim Suit

Eitleog: Kite

Flip Fleapanna: Flip Flops

Gaineamh: Sand

Grian: Sun

Gúna: Dress

Iúil: July

Laethanta Saoire: Holidays

Liathróid Trá: Beach Ball

Linn Snámha: Swimming Pool

Meitheamh: June

Picnic: Picnic

Scáth Gréine: Sun Umbrella

Sluasaid: Spade

Spéaclaí Gréine: Sunglasses




Spéaclaí Snámha: Goggles

T-léine: T-shirt

Trá: Beach

Uachtar Gréine: Sun cream

Uachtar Reoite: Ice-cream



Leabhar rolla agus timpiste

Táimid ag obair faoi láthair ar leaganacha nuashonraithe den *Leabhar Rolla* agus *Tuairiscí ar Thimpistí*. Scaipfear na foilseacháin seo ar na naíonraí i mí Bhealtaine, i dtréan ama don naíonrabhliain nua. Ba mhór linn cloisteáil uait má tá moltaí ar bith agat maidir le leasuithe bunaithe ar leaganacha 2015; tá sé beartaithe go mbeidh an *Tuairiscí ar Thimpistí* níos lú ná ceann na bliana seo caite.

Seol moltaí chuig clare@gael scoileanna.ie

Tuairiscí ar Thimpistí & Eachtraí



Naíonra Thomáis Daibhís: Paráid Lá Fhéile Pádraig 2016



Céiliúradh 1916

Chúram Leanaí

Teo. Bhéal an Átha Móir, Co Liatroma.

Fuarthas an nuachtán den dáta 22 Aibreáin 1916 le nuacht ó Ros Comáin, ón Longfort, ón gCabhán agus Sligeach. Iarradh ar na páistí cén tábhacht a bhaineann le Naíolann. Cuireadh an bratach suas agus scríobh na páistí a n-óráidí féin. Seo iad na rudaí a chuir na páistí ina bhforógra - "Foghlaim, súgradh le cairde, am lóin, amhráin a fhoghlaim, ABC a fhoghlaim, comhaireamh a fhoghlaim, damhsa, gléasadh suas"



Bhí Naíonra Céimeanna Beaga in Inis, Co an Chláir fóirghnóthach ag ullmhú don chuairt speisialta ó shaighdiúirí chun brat na hÉireann a thaispeáint agus a mhíniú dóibh. Bhí "Rap na Gaeilge" agus chas siad amhráin faoinár dtír agus ár dteanga - Lá lán de spraoi, ceol, amhránaíocht agus bród as ár gcultúr féin! An Ghaeilge abú!


Scéim Iasachta Trealaimh

Seoladh an Scéim Iasachta Trealaimh do Naíonraí ag tús na míosa seo. Cuireann an scéim seo trealamh forbartha/oideachasúil agus leabhair ar ardchaighdeán ar fáil ar bhonn iasachta do naíonraí. Tá sé mar aidhm acu bheith ina n-áiseanna luachmhara foghlama agus forbartha sa seomra naíonra agus go spreagar na páistí bheith ag caint as Gaeilge. Tá réimse leathan trealamh againn (2 chistin mhóra, 2 shiopa mhóra agus 10 mbosca spéise) agus is féidir é a úsáid mar bhonn taca le téamaí Aistear a phlé. Tá foclóir forbartha ag foireann forbartha na heagraíochta le dul leis an trealamh seo agus tá muid cinnte go rachaidh an scéim go mór chun leasa na naíonraí sna téarmaí amach romhainn. Tá iarratas faighte againn ar nach mór gach píosa trealamh faoin staid seo., ach tá cúpla rud fágtha againn má tá suim ag do naíonra cur isteach ar an scéim go fóill.

Gach eolas agus foirm iarratais le fáil ar shuíomh Gaelscoileanna Teo.

<http://www.gaelscoileanna.ie/sceim-iasachta-trealaimh/>





SCOLÁIREACHTAÍ 2016 le tacaíocht ó Foras na Gaeilge

Cúrsa Teaghlaigh sa Ghaeltacht Iúil 2016

Tá Foras na Gaeilge ag cur 15 scoláireachtaí ar fáil do Chúrsa Teaghlaigh sa Ghaeilge atá a reáchtáil ag Cumann an Phiarsaigh i nGaoth Dobhair le linn na seachtaine 16-23 Iúil 2016. Bronnfar 10 scoláireachtaí de luach €900 an ceann agus 5 scoláireachtaí de luach €200 an ceann ar theaghlaigh a bhfuil suim acu freastal ar an chúrsa Gaeilge seo i nGaoth Dobhair.

Caitheann na teaghlaigh seachtain i nGaoth Dobhair ag freastal ar ranganna agus imeachtaí trí Ghaeilge a bheidh ar siúl i bPobalscoil Ghaoth Dobhair. Tá a thuilleadh eolais faoin chúrsa féin ar an suíomh idirlíon www.piorsaigh.ie

Is ar theaghlaigh atá san earnáil Gaelscolaíochta faoi láthair atá na scoláireachtaí dírithe; sé sin le rá do theaghlaigh a bhfuil páiste ag freastal ar ghaelscoil, ar ghaelcholáiste nó scoil ina bhfuil oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Tá Cumann an Phiarsaigh go mór faoi chomaoin ag Foras na Gaeilge as an tacaíocht seo a thabhairt don chúrsa.

Is féidir eolas breise a fháil ó Joe Ó Gallchóir, stiúrthóir an chúrsa,

ag 086 3048242 nó galljoe@eircom.net

Scéim Tacaíochta Teanga 2016 Gaelscoileanna Teo.

Ar bhain do naíonra/scoil leas as ár Scéim Tacaíochta Teanga go fóill i mbliana? Tá an scéim seo á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra agus d'fhoireann neamh-theagaisc na scoileanna (rúnaithe, cúntóirí riachtanais speisialta, feighlithe scoile, etc.) gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. D'fhéadfaí tabhairt faoi scrúduithe Gaeilge TEG, ranganna oíche, cúrsa Gaeilge ar líne, sainchúrsa teanga, dianchúrsa gramadaí, cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó eile.


Gach eolas le fáil anseo www.gaelscoileanna.ie/sceimeanna/sceim-tacaiochta-teanga-do-stiurthoiri-naionra/

B'fhiú an deis iontach seo a thapú!

Comórtas Leabhar do Naíonraí

Seo cuid de na grianghraif a cuireadh chugainn mar chuid den chomórtas leabhar do naíonraí le deireanaí.

Comhghairdeas mór le Naíonra Ghaelscoil de hÍde, Gaillimh, agus Naíonra Bhun Cranncha, Dún na nGall, as na duaiseanna a bhuachan. Cuireadh beart álainn leabhar chucu. Go leanfar ag spreagadh na léitheoireachta i measc na ngasúr.



Tá an samhradh linn....

An bhfuil aon smaointe deasa agaibh chun an téama seo a phlé leis na gasúir? Bheadh sé iontach bhur gcuid smaointe a chloisteáil agus a roinnt sa ngrúpa Facebook do stiúrthóirí naíonra! Seo cúpla smaoineamh simplí a thaitin linne!

Féileacáin déanta as Scagairí Caife

Smaoineamh deas ealaíne ó Mhúinteoir Ailbhe i nGaelscoil Phort Laoise don samhradh. Tá sé an-éasca na féileacáin seo a dhéanamh. Níl ag teastáil ach scagairí caife nó ciarsúir, marcóirí, uisce, pionnaí éadaí agus réiteoirí píopaí.



Éisc déanta as Cásanna Borróg

Foinse:


iheartcraftythings.com



Uachtar Reoite déanta as Cásanna Borróg

Foinse:

iheartcraftythings.com



Anann déanta as caor phéine

Foinse:

tiffanystidings.com



Déan an leathanach seo a fótachóipeáil le do chuid lipéid féin a dhéanamh don seomra naíonra!

